2026/1375

25.6.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1375 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meitheamh 2026

lena leasaítear Cinneadh 2005/290/CE a mhéid a bhaineann le rialacha deimhniúcháin agus deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis atá beartaithe lena tomhailt ag an duine a allmhairiú isteach san Aontas ó Cheanada

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 126(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([2]), agus go háirithe Airteagal 238(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn 5-E a ghabhann leis an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ([3]), den pháirt eile, ('an Comhaontú') bunaítear na bearta sláinte poiblí agus sláinte ainmhithe maidir le hainmhithe agus táirgí ainmhithe áirithe a bhfuil coibhéis le haithint ina leith a allmhairiú isteach san Aontas.

(2) Déantar foráil in Iarscríbhinn 5-I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le fianuithe sláinte a chuimsiú sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach le haghaidh allmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe áirithe isteach san Aontas a bhfuil coibhéis beart aitheanta ina leith.

(3) Tá coibhéis aitheanta maidir le ceanglais áirithe sláinte poiblí i dtaca le feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis atá beartaithe lena tomhailt ag an duine a allmhairiú isteach san Aontas ó Cheanada ach níl coibhéis aitheanta maidir le ceanglais sláinte ainmhithe. Dá bhrí sin, níor cheart simpliú an deimhnithe chaighdeánaigh a bheith bainteach ach le fianú sláinte poiblí an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil chaighdeánaigh le haghaidh feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis atá beartaithe lena tomhailt ag an duine a allmhairiú isteach san Aontas ó Cheanada. Ba cheart fianú sláinte ainmhithe an deimhnithe chaighdeánaigh sin a bheith mar an gcéanna leis an bhfianú sláinte ainmhithe atá sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach le haghaidh feoil úr atá beartaithe lena tomhailt ag an duine a theacht isteach san Aontas, cé is moite d'fheoil díchnámhaithe go meicniúil, ó mhuc-ainmhithe clóis (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH POR) a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([4]).

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
([2]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.
([3]) IO L 11, 14.1.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/37/oj.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2235/OJ).

(4) Le hAirteagal 118(1) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 107(2) den Rialachán sin, bunaítear an ceanglas, maidir le coinsíneachtaí ainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha a theacht isteach san Aontas, nár úsáideadh aon táirge íocshláinte frithmhiocróbach chun fás a chur chun cinn ná chun táirgeacht a mhéadú sna hainmhithe lena mbaineann. Ina theannta sin, táirgí íocshláinte ina bhfuil ábhair fhrithmhiocróbacha a chuimsítear i liosta na n-ábhar frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún ([6]), ní féidir iad a bheith úsáidte i leith ainmhithe ná táirgí de bhunadh ainmhíoch chun go bhféadfaidh siad teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún ([7]) forlíontar Rialachán (AE) 2019/6 trí choinníollacha a shuí maidir le teacht isteach coinsíneachtaí de bhia-ainmhithe beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, arna n-onnmhairiú ó thríú tíortha chuig an Aontas.

(6) Sonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905, go háirithe, nach bhféadfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine teacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leo lena bhfianaítear comhlíonadh rialacha an Aontais maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha a bunaíodh i Rialachán (AE) 2019/6 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart fianú maidir le comhlíonadh rialacha sin an Aontais a chur isteach sa deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2005/290/CE ón gCoimisiún ([8]).

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht rialacha an Aontais, ba cheart an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2005/290/CE a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear tagairtí, nótaí agus eilimintí struchtúracha a thabhairt cothrom le dáta, agus ba cheart an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur ina ionad.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2005/290/CE a leasú dá réir sin.

(10) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis lena tomhailt ag an duine ó Cheanada a theacht isteach san Aontas, maidir le húsáid an deimhnithe chaighdeánaigh sláinte ainmhithe agus an deimhnithe sláinte poiblí le haghaidh feoil úr ó mhuca clóis a choinsínítear chuig an Aontas ó Cheanada arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2005/290/CE, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Iarscríbhinn sin leis an gCinneadh seo, ba cheart leanúint den úsáid sin a ghlacadh i dtaca le teacht isteach san Aontas le linn idirthréimhse go dtí dáta theacht i bhfeidhm an deimhnithe chaighdeánaigh sláinte ainmhithe/oifigiúil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([5]) Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena n-ainmnítear frithmhiocróbaigh nó grúpaí frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 20.7.2022, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1255/OJ).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an toirmisc ar úsáid táirgí áirithe íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha isteach san Aontas (IO L 116, 4.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/905/oj).

([8]) Cinneadh 2005/290/CE ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2005 maidir le deimhnithe simplithe chun seamhan buaibheach agus muiceoil úr ó Cheanada a allmhairiú lena leasaítear Cinneadh 2004/639/CE (IO L 93, 12.4.2005, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/290/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2005/290/CE.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 3 Nollaig 2026, maidir le húsáid deimhnithe sláinte ainmhithe agus deimhnithe sláinte poiblí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2005/290/CE, mar ab infheidhme roimh na leasuithe arna ndéanamh ar an Iarscríbhinn sin leis an gCinneadh seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu i dtaca le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis ó Cheanada atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine a theacht isteach san Aontas, ar choinníoll gur eisíodh na deimhnithe sin tráth nach déanaí ná an 3 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN II

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE FEOIL ÚR LENA TOMHAILT AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D’FHEOIL DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó MHUC-AINMHITHE CLÓIS Ó CHEANADA (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH “CA-POR”)

			Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil don Aontas Eorpach		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1** **Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**	
	I.5 **Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		
	I.7 **Tír thionscnaimh** Cód tíre ISO		**I.9** **An tír cinn scríbe** Cód tíre ISO		
	I.8 **An réigiún tionscnaimh** Cód		**I.10** **Réigiún cinn scríbe** Cód		
	I.11 **Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		
	I.13 **Ionad luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15 **Modh iompair** ☐ Aerárthach ☐ Soitheach ☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair Sainaitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18 **Dálaí iompair**	☐ Comhthimpeallach	☐ Fuaraithe	☐ Reoite	
	I.19 **Uimhir an choimeádáin/Uimhir an tséala** Uimhir an choimeádáin Uimhir an tséala				
	I.20 **An cineál deimhniúcháin**				
	☐ Táirgí lena dtomhailt ag an duine				
	I.21 ☐ **Le haghaidh idirthurais** Tríú tír Cód tíre ISO		**I.22** ☐ **Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh** **I.23**		
	I.24 **An líon iomlán pacáistí**	**I.25** **Cainníocht iomlán**		**I.26** **Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg)**	
	I.27 **Tuairisc ar an gcoinsíneacht** Cód AC Speiceas Fuar-stóras Cineál pacáistíochta Glanmheáchan Seamlas Cineál cóireála Cineál an tráchtearra An líon pacáistí Baiscuimhir ☐ Tomhaltóir deiridh An dáta bailithe/táirgthe Monarcha mhonaraíochta				

TÍR		Deimhniú caighdeánach CA POR
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe** / **II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo gur táirgeadh **an fheoil úr** ó mhuc-ainmhithe clóis (*Sus scrofa*) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir le caighdeáin agus ceanglas ábhartha Cheanada a aithnítear a bheith coibhéiseach le caighdeáin agus ceanglais an Aontais Eorpaigh [1]. Ina theannta sin, an **fheoil úr** ó mhuc-ainmhithe clóis (*Sus scrofa*) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I, comhlíonann sí na ceanglais speisialta is infheidhme ar a dtugtar tuairisc i bpointí 1.3.1 agus 1.4.1 de roinn an Aontais Eorpaigh de leabharlann ceanglas onnmhairiúcháin Ghníomhaireacht Cheanada um Iniúchadh Bia.

[2] [7] **II.2. Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún**

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an **fheoil úr** ó mhuc-ainmhithe clóis (*Sus scrofa*) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil, nach bhfuil táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha tugtha dóibh chun fás a chur chun cinn ná an táirgeacht a mhéadú, ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil ábhar frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-ábhar frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil, ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2598 ón gCoimisiún[8].

II.3. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an **bhfeoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.3.1. go bhfuarthas í sa **chrios/sna criosanna** lena mbaineann an cód/na cóid _____ [3] a údaraítear, tráth dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, maidir le **feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis** a theacht isteach san Aontas, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún agus

(a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú le víreas phlá na mbó agus fiabhras Afracach na muc ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna;

[2] [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúibe is béil ann ar feadh 12 mhí roimh dháta maraithe na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna]

[2] [4] *nó* [(b) nach bhfuil sé tuairiscithe gur ann don ghalar crúibe is béil ann ó bhí ___/___/____ (ll/mm/bbbb) ann;]

[2] [(c) nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna;]

[2] [4] *nó* [(c) nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ón ___/___/ ____ (ll/mm/bbbb) agus nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh an ghalair sin ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna;]

II.3.2. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**

[2] [a mhair sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear i bpointe II.3.1. ó rugadh iad, nó ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh dháta a maraithe;]

[2] *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____(ll/mm/bbbb) sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear i bpointe II.3.1, ón gcrios/ó na criosanna lena mbaineann an cód/na cóid _____ [3] a bhí údaraithe ar an dáta sin maidir le feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis a theacht isteach san Aontas agus a mhair ann ó rugadh iad, nó ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh dháta a maraithe;]

[2] *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.3.1, ón mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann an cód ISO/na cóid ISO _____;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach CA POR

II.3.3. go bhfuarthas í ó ainmhithe a tháinig ó **bhunaíochtaí**:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil ar bun agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gur ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, atá ábhartha maidir leis na speicis agus na galair atá ag teacht chun cinn;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth a seolta chuig an seamlas;

(d) nár vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe a choinnítear iontu in aghaidh an ghalair crúibe is béil, ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhras Afracach na muc ná fiabhras na muc;

(e) laistigh de agus timpeall air, i bhfoisceacht 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúibe is béil agus ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, fiabhras Afracach na muc ná fiabhras na muc le linn na 30 lá díreach roimh dháta maraithe na n-ainmhithe;

II.3.4. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**:

(a) atá scartha ó chrúbacha fiáine ó rugadh iad;

(b) atá seolta ó bhunaíochtaí a dtionscnaimh chuig seamlas trí mhodh iompair: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú ná titim amach as; (ii)inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; óna gcoisctear nó óna n-íoslaghdaítear éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha, agus (iv) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch go díreach roimh iompar na n-ainmhithe gan aon teagmháil le hainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí II.3.1, II.3.2 agus II.3.3;

(c) agus na hainmhithe á n-iompar go dtí an seamlas, ní dheachaigh siad trí thríú tír nó críoch nó crios di nach bhfuil údaraithe maidir le feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis a theacht isteach san Aontas agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

(d) ar maraíodh iad [[an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)] [2][idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____. (ll/mm/bbbb)] [2]] [5];

(e) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle i rith a maraithe;

II.3.5. go bhfuarthas í i **seamlais** nár tuairiscíodh, i bhfoisceacht 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.3.1. ann ná timpeall air le linn na 30 lá díreach roimh dháta maraithe na n-ainmhithe;

II.3.6. go bhfuil sí deighilte go docht ó fheoil úr nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe le haghaidh feoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis a theacht isteach san Aontas le linn oibríochtaí an mharaithe agus an ghearrtha, agus go dtí:

[2] [rinneadh í a phacáistiú le haghaidh stóráil bhreise.]

[2] *nó* [a luchtú, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas;]

II.4. Fianú leasa ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo go bhfuil an **fheoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faighte ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad.

TÍR	Deimhniú caighdeánach CA POR

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo.

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo beartaithe le haghaidh feoil úr agus feoil mhionaithe (mar a shainmhínítear i bpointí 1.10 agus 1.13 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) ó ainmhithe ar coimeád de phórtha clóis muc-ainmhithe ó Cheanada (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692) a theacht isteach san Aontas.

Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní thiocfaidh an táirge sin isteach san Aontas agus an deimhniú seo le haghaidh feoil úr á úsáid.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo i gcomhréir leis na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

Cuid I

Tagairt bosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.27:	"Cód AC": Sonraigh cód/cóid iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (CC) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim faoi na teidil seo a leanas: 0203, 0206, 0209, 0504 nó 1501. "Cineál an tráchtearra": Sonraigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna", "scairteach" (6) nó "gearrthacha". "Cineál cóireála": Más iomchuí, sonraigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, sonraigh dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí.

Cuid II

(1) Aithnítear caighdeáin agus ceanglais ábhartha Cheanada a bheith coibhéiseach le caighdeáin agus ceanglais an Aontais Eorpaigh de réir an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile.

(2) Scrios murab iomchuí.

(3) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(4) I gcás na gcriosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcolún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin.

(5) Dáta nó dátaí maraithe. Ní cheadófar an fheoil úr sin a theacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a maraíodh tar éis dháta údaraithe an chreasa/na gcriosanna dá dtagraítear i bpointe II.3.1. maidir le feoil úr ó mhucainmhithe clóis a theacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse nach raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach san Aontas na feola úire sin ón gcrios/ó na criosanna sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa/na gcriosanna sin maidir leis an bhfeoil úr sin a theacht isteach san Aontas.

(6) Gan teacht isteach na feola úire san Aontas a áireamh, rud nach gceadaítear i gcomhréir le hAirteagal 130 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.

(7) Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026 ar aghaidh.

(8) Nó a liostaítear i ngníomhartha cur chun feidhme eile a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.

TÍR	Deimhniú caighdeánach CA POR
Tréidlia oifigiúil	
Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú’